# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

---

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

---

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

| **ROINN 2 (90 MARC)** |
| --- |
| Freagair **TRÍ** cheist ar bith |

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leith mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear an fillteán comhlánaithe Roinn 1 a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

1. **DROMCHLA AN DOMHAIN**

**A. Ollghluaiseacht**

(i) Ainmnigh cineál **ámhain** ollghluaiseachta.


(2)

(ii) Mínigh conas a tharlaíonn an cineál seo ollghluaiseachta.

(8)

**B. Síonchaitheamh**

Sna léaráidí taispeántar cineál amháin síonchaithimh.



Foinse: www.geography.ie

(i) Ainmnigh an cineál síonchaithimh a thaispeántar sna léaráidí.

(2)

(ii) Mínigh conas a tharlaíonn an cineál seo síonchaithimh.

(8)

**C. Screamh an Domhain**

Imbhuaileann plátaí an domhain faoi chéile agus scarann siad ó chéile.

(i) Ainmnigh gné **amháin** a chruthaítear san áit a n-imbhuaileann plátaí faoi chéile.

(ii) Ainmnigh gné **amháin** a chruthaítear san áit a scarann plátaí ó chéile.

(iii) Le cabhair léaráide, mínigh conas a chruthaítear ceann **amháin** de na gnéithe atá ainmnithe.

(10)

## 2. AERÁID

**A.** (i) Ainmnigh aeráid the **amháin**.
(ii) Ainmnigh aeráid mheasartha **amháin**.
(iii) Ainmnigh aeráid fhuar **amháin**.

(6)

**B.** Roghnaigh aeráid **amháin** agus déan cur síos mion uirthi agus tú ag tagairt do theochtaí agus do fhrasaíocht.

(12)

**C.** I measc na ngnéithe a mbíonn tionchar acu ar aeráid tá:

- Domhanleithead
- Fad ó na farraigí agus na h-aigéin
- Na gnáthghaotha
- Airde
- Rilíf
- Treoíocht.

Roghnaigh **trí** cinn ar bith de na gnéithe seo agus mínigh conas atá tionchar ar an aeráid ag gach ceann acu.

(12)

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA

**A. Iascaireacht**

Sa tábla taispeántar gabhálacha éisc (tonaí) sa Mhuir Cheilteach.

| | **Leathóg bhallach** | **Trosc** | **Scadán** |
|---|---|---|---|
| **1997** | 1,212 | 12,035 | 18,800 |
| **2002** | 646 | 9,356 | 10,550 |
| **2007** | 406 | 4,287 | 8,268 |

(i) Déan cur síos ar an treocht a thaispeánann na figiúirí sa tábla.

(ii) Mínigh an téarma ‘ ró-iascaireacht ’.

(iii) Cén fáth a dtarlaíonn ró-iascaireacht in uiscí na hÉireann? Mínigh **dhá** chúis.

(10)

**B. Tionscal Tánaisteach**

(i) Ainmnigh tionscal déantúsaíochta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Déan cur síos ar an tionscal seo agus tú ag tagairt do na hionchuir, na próisis agus na haschuir a bhaineann leis.

(10)

**C. Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus Turasóireacht**

Agus úsáid á baint agat as **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar duit, mínigh cén fáth a rachadh turasóirí go Carraig na Siúire ar a laethanta saoire. Tabhair **dhá** chúis.


(10)

## 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

Freagair **trí** cinn ar bith de na ceisteanna seo a leanas **4A**, **4B**, **4C**, **4D**.

### 4A. Domhan Éagothrom

Scrúdaigh léarscáil an domhain.




Foinse: wikimedia.org

(i) Cé acu ceann de na limistéir atá forbartha níos mó, an Tuaisceart nó an Deisceart? (2)

(ii) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil básmhaireacht leanaí níos airde sa Deisceart. (4)

(iii) Cén fáth a ndéanfadh daoine imirce ón Deisceart go dtí an Tuaisceart? Mínigh cúis **amháin**. (4)

### 4B. Criosanna Feidhme i gCathracha

Tá criosanna feidhme difriúla ag cathracha agus ina measc tá:


- An Lárcheantar Gnó (LCG)
- Limistéir shiopadóireachta
- Limistéir thionsclaíocha
- Limistéir chónaithe (limistéir thithíochta)
- Spásanna oscailte.

Mínigh an suíomh atá ag **dhá** chrios feidhme ar bith i gcathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(10)

## 4C. Daonra

Scrúdaigh pirimid an daonra d'Éirinn in 2050.




(i) Cén céatadán den daonra a bheidh san aoisghrúpa 80+ in 2050? (2)

(ii) Mínigh cén fáth a mbeidh ionchas saoil níos faide in 2050. (4)

(iii) Ainmnigh **dhá** shlí ina mbaineann rialtais úsáid as pirimidí daonra. (4)

## 4D. Aibhneacha

Ainmnigh gné **amháin** ar chruthaigh aibhneacha í agus le cabhair léaráide lipéadaithe, mínigh conas a cruthaíodh í.

(10)

**5. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

**A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar duit.
**Tarraing sracléarscáil** den fhótagraf.
Ar do shracléarscáil **taispeáin agus lipéadaigh** gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- An Abhainn
- Limistéar aeraíochta
- Caisleán
- Eaglais.

(10)

**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar duit.

(i) Sainaithin agus tabhair tagairt eangaí do **dhá** ghréasán lonnaíochta tuaithe a thaispeántar ar an léarscáil.

(ii) Mínigh cén fáth ar fhorbair ceann **amháin** de na gréasáin lonnaíochta ag an suíomh atá tugtha agat.

(12)

**C.** Agus úsáid á baint agat as **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar duit, mínigh cén fáth a bhfuil fáschoillte buaircíneacha suite taobh thuaidh de Thuaidhlíne 27.

(8)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán